V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10608 – CMA CGM / CLS BUSINESS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 68/04)

1. An 1 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CMA CGM S.A. ("CMA CGM", An Fhrainc),

— CLS Business, atá á rialú ag Ingram Micro Inc. ("Ingram", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh CMA.CGM.SA, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, rialú CLS Business ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuireann CMA CGM réimse seirbhísí a bhaineann le hiompar ar muir ar fáil, lena n-áirítear seirbhísí loingseoireachta línéar coimeádáin agus seirbhísí críochfoirt calafoirt. Tá CMA CGM gníomhach freisin laistigh de sheirbhísí seolta lasta agus seirbhísí lóistíochta conartha trína fhochuideachta CEVA Logistics,

— Is éard atá i CLS Business gnó lóistíochta conartha Ingram, atá á oibriú faoi láthair ag Rannóg Seirbhísí Tráchtála & Saolré Ingram. Cuireann CLS Business réimse seirbhísí ar fáil laistigh de lóistíocht conartha go príomha i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip, go háirithe réamhlóistíocht agus lóistíocht droim ar ais.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.10608 – CMA CGM / CLS BUSINESS)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË